Súil Dhomhanda

Iontráil an seoladh suíomh gréasáin:
www.globaleye.org.uk

Sábháil i do Cheanáin agat é trí Favourites a roghnú ar an bharra roghchláir uachtarach agus Add to Favourites a roghnú.

Faigh an roinn Primary agus an topaic a bhfuil tú ag déanamh taighde uirthi.

Cuid 1

Aimsigh agus roghnaigh eolas ar an topaic.

Cuir an t-eolas in eagar lena úsáid sa chur i láthair agat.

Mar chuid de do chur i láthair, caithfidh tú:

- leagan amach sleamhnáin a roghnú
- téacs a chruthú agus ansin cló, méid, stíl agus/nó dath a athrú
- téacs a roghnú ó shuíomh gréasáin Global Eye is mian leat a chur i do chur i láthair agus cló, méid, stíl agus/nó dath téacs a athrú lena chur in eagar
- bheith cúramach le do chuid litrithe
- poncaíocht cheart, spásáil focal cheart a úsáid
- dath cúlra a chur leis
- íomhánna/fuaimeanna roghnaithe agus téacs a chur le chéile
- athruithe a dhéanamh ar do chuid oibre
- an cur i láthair a shábháil agus ainm cuí a chur air

Súil Dhomhanda

Cuid 2

Iarrtar ort cur i láthair digiteach a chruthú ar do thopaic.

Déan taighde ar do thopaic ag baint úsáide as an suíomh gréasáin Global Eye, agus déan cinneadh ar an eolas ba mhaith leat a chur i láthair an ranga.

Nuair a bhíonn an t-eolas atá de dhíth ort aimsithe agat, bain úsáid as le cur i láthair digiteach a chruthú.

Caithfidh tú:

- réimse leaganacha amach do gach sleamhnán a roghnú agus a úsáid, m.sh. leaganacha amach réamhshocraithe a roghnú as na teimpléid atá curtha ar fáil.
- teimpléid de dhearadh sleamhnán a chur i bhfeidhm
- roinnt trasdulta a roghnú agus a úsáid
- boscaí téacs a úsáid
- seiceálaí litrithe a úsáid
- urchair a úsáid
- íomhánna a chur in eagar, mar shampla, méid a athrú, iad a rothlú, ciumhais a úsáid, iad a ghéarú.
- feabhas a chur ar do chuid oibre, m.sh. stiúrthóir sleamhnáin a úsáid
- an cur i láthair a shábháil i bhfillteán ainmnithe agus é a oscailt arís nuair a bhíonn gá leis.

Taispeáin do chuid oibre don rang.

Súil Dhomhanda

Cuid 3

Iarrtar ort cur i láthair digiteach a chruthú ar do thopaic.

Agus suíomh gréasáin Global Eye in úsáid agat, déan taighde ar do thopaic agus déan cinneadh ar an eolas ba mhaith leat a chur i láthair do do rang.

Nuair atá an t-eolas atá de dhíth ort agat, bain úsáid as le do chur i láthair a chruthú.

Caithfidh tú:

- trasdulta a roghnú agus a úsáid go cuí
- an uirlis bheochana shaincheaptha a úsáid le gach sleamhnán a bheochan
- cur i láthair ilmheánach a chruthú, a léiríonn tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa agus ar aidhm
- hipearnasc a chur leis
- comhaid fuaime agus físeáin a chur isteach
- seicheamhú sleamhnán a athrú más gá
- rudaí a chur isteach agus a leabú
- grafaicí a chur in eagar, mar shampla, iad a bhearradh, dath a athrú, gile agus codarsnacht a athrú
- na gnéithe thuasluaite a chur le chéile le do chur i láthair a fheabhsú chun é a thaispeáint

Súil Dhomhanda

- 'pleanáil, déan, athbhreithnigh' a úsáid le do chuid oibre a fheabhsú
- labhairt faoi agus cur síos a dhéanamh ar an phróiseas ar thug tú faoi agus na rudaí a dhéanfá ar dhóigh éagsúil a phlé
- lúb a chruthú do do thaispeántas sleamhnán
- gach cur i láthair de do chuid a shábháil i sraith fillteán agus fo-fhillteán eagraithe, ag déanamh comhaid a nuashonrú agus a scrios de réir mar is gá

Taispeáin do chuid oibre don rang. Meas a gcuid freagairtí agus déan athruithe ar bith atá de dhíth.